

Fógra Éirí As Oifig Ag Stiúrthóir/Rúnaí

BILEOG FAISNÉISE UIMH. 18 / Aibreán 2019

1. Cén fáth ar chóir dom a chinntiú go gcuireadh in iúl don CRO gur éirigh mé as oifig mar stiúrthóir/rúnaí cuideachta?

Baineann freagrachtaí móra le bheith i d'oifigeach cuideachta agus ní mór an modh ceart a úsáid leis an bhfaisnéis atá riachtanach a chur ar fáil ar an gclár CRO. Ar an bhforas sin, ní mór do na hoifigigh cuideachta a d'éirigh as oifig a chinntiú go gcuireadh an fhaisnéis seo in iúl don CRO.

Ní mór do chuideachta Foirm B10 a chomhdú d'fhonn a chur in iúl, mar shampla, go scoirtear de cheapachán oifigigh (éirí as oifig, aistriú, srl.). Ní mór an fhoirm a sheoladh chuig an CRO tráth nach déanaí ná 14 lá ó dháta an athraithe. Cion is ea é mura gcomhdaítear Foirm B10.

2. Cad a dhéanfaidh mé má theipeann ar an gcuideachta a chur in iúl don CRO gur éirigh mé as oifig?

Nuair a theipeann ar chuideachta go leanúnach, in ainneoin éilimh, Foirm B10 a chomhdú leis an CRO le taifeadadh gur éirigh duine as a p(h)ost mar stiúrthóir nó rúnaí (nó cuideachta agus an rúnaí ina chuideachta theoranta), is féidir leis an duine atá i gceist (nó cuideachta theoranta, más infheidhme) **Foirm B69 a chomhdú leis na taifid ag an CRO a cheartú.**¹

3. Cad é an nós imeachta ar gá dom é a leanúint?

Seo a leanas an nós imeachta ar gá é a leanúint:

(a) Ní mór don oifigeach atá ag éirí as oifig a chur in iúl don chuideachta i scríbhinn go bhfuil sé/sí ag éirí as oifig (foilseán "A" a ghabhann le Foirm B69).

(b) Má theipeann ar an gcuideachta Foirm B10 a chur isteach, caithfidh an t-oifigeach a d'éirigh as oifig fógra a sheirbheáil ar an gcuideachta. Caithfidh an fógra seo (foilseán "B" a ghabhann le Foirm B69):

i. a iarraidh go sonrach ar an gcuideachta a chur in iúl do Chláraitheoir na gCuideachtaí laistigh de 21 lá go bhfuil an t-oifigeach tar éis éirí as oifig ie Foirm B10;

ii. a chur in iúl go sonrach don chuideachta go ndéanfar Foirm B69 a chomhdú leis an CRO má theipeann uirthi é seo a dhéanamh, agus go ndéanfaidh an t-oifigeach atá ag éirí as oifig iarratas scríofa (lena n-áirítear cóip den litir éirí as oifig) a sheoladh chuig gach oifigeach cuideachta, atá ar eolas aige/aici, go ndéanfaidh sé/sí glacadh leis na bearta is cuí a chinnteoidh go dtiocfaidh deireadh le mainneachtain na cuideachta cloí leis an bhfógra.

(c) Má theipeann ar an gcuideachta Foirm B10 a chomhdú laistigh de 21 lá mar atá ordaithe, is féidir cóip den fhógra éirí as oifig a sheoladh chuig gach oifigeach cuideachta, atá ar eolas aige/aici, in éineacht le hiarratas scríofa go nglacfaidh sé/sí leis na bearta cuí a chinnteoidh go dtiocfaidh deireadh le mainneachtain na cuideachta cloí leis an bhfógra.

(d) Foirm B69 a chomhdú, in éineacht leis na doiciméid riachtanacha seo a leanas:

i. cóip den fhógra éirí as oifig dá dtagraítear i 3(a) thuas. Ní mór "A" a mharcáil ar an bhfógra seo agus ní mór leis an oifigeach atá ag éirí as oifig an fógra a shíniú. Ní leor fótachóipeanna; bíonn an síniú bunaidh ag teastáil.

ii. cóip den fhógra dá dtagraítear i 3(b) thuas. Ní mór "B" a mharcáil ar an bhfógra seo agus ní mór dó a bheith sínithe ag an oifigeach atá ag éirí as oifig. Ní leor fótachóipeanna; bíonn an síniú bunaidh ag teastáil.

(e) Agus na doiciméid oiriúnacha ar fad faighte ag an CRO, bainfear na sonraí ó thaifid na CRO a bhaineann leis an oifigeach atá ag éirí as oifig.

Tá na foirmeacha (agus na táillí comhdaithe a bhaineann leo) dá dtagraítear sa foilseachán seo le fáil ag www.cro.ie

¹ Alt 152 d'Acht na gCuideachtaí 2014

4. Taispeántán “A”

Mar shampla:

Seoladh pearsanta <Líne 1>
<Líne 2>
<Líne 3>

Dáta na litreach

Chuir: <ainm cuideachta> Teo.
Seoladh <Líne 1 >
<Líne 2 >
<Líne 3 >

Tag: Litir éirí as

A Dhuine Uasail, a chara,

Leis seo, éirím, <d’ainm féin>, as <seoladh pearsanta> as an bpost mar <stiúrthóir/rúnaí nó an bheirt acu> de <ainm cuideachta> Teo (an “Chuideachta”) le héifeacht láithreach.

Deimhním nach bhfuil éileamh de chineál ar bith a bhaineann le mo phost mar stiúrthóir/rúnaí nó an bheirt acu nó lena fhoirceannadh.

Bheinn buíoch díot dá gcuirfeá fógra faoi éirí as agam mar <stiúrthóir/rúnaí nó an bheirt acu> ar fhoirm reachtúil B10 (athrú ar stiúrthóir agus/nó rúnaí, nó a sonraí) chuig Clárúitheoir na gCuideachtaí, an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, Contae Cheatharlach.

Is mise le meas,

Taispeáin ainm

Dar Dáta : _____

5. Taispeántán “B”

Mar shampla:

Seoladh pearsanta <Líne 1>
<Líne 2>
<Líne 3>

Dáta na litreach

Chuir: An Rúnaí
<ainm cuideachta> Teo.
Seoladh <Líne 1 >
<Líne 2 >
<Líne 3 >

Tag: <ainm cuideachta> Teo. (an “Chuideachta”)

A Dhuine Uasail, a chara,

Deimhním, <d’ainm féin>, m’éirí as ó phost s’agam mar <stiúrthóir/rúnaí nó an bheirt acu> den chuideachta trí litir dátaithe an <dáta taispeántáin “A”>. Tugaim do m’aire ón bhfaisnéis a choinníonn Cláráitheoir na gCuideachtaí nár cuireadh m’éirí as in iúl don Chláráitheoir trí fhoirm B10 a chomhdú san Oifig um Chlárú Cuideachtaí de réir forálacha Alt 149 d’Acht na gCuideachtaí 2014.

Comhdaigh foirm B10 láithreach chuig an Oifig um Chlárú Cuideachtaí le do thoil. Má tharlaíonn go dteipeann ar an gcuideachta tuairisceán na foirme B10 a chur isteach laistigh de 21 lá ó dháta na litreach seo, tá rún agam foirm B69 a chomhdú san Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus iarratas scríofa a sheoladh (agus cóip de litir de m’éirí as iata <dáta taispeántáin “A”> chuig gach duine atá ina n-oifigigh den Chuideachta, de réir m’eolais.

Is mise le meas,

Taispeáin ainm

Dar Dáta : _____

AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
Oifig Poiblí: Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, BÁC 1
Fiosruithe: Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, R93 E920

Lóghlao: 1890 220 226
Fón: +353 1 804 5200
Ríomhphost: info@cro.ie **Láithreán:** www.cro.ie

COMPANIES REGISTRATION OFFICE
Public Office: Bloom House, Gloucester Place Lower, Dublin 1
Postal Enquiries: O'Brien Road, Carlow, R93 E920

Lo Call: 1890 220 226
Tel: +353 1 804 5200
Email: info@cro.ie **Web:** www.cro.ie